**COMHAIRLE CHONTAE LÚ**

**COMHAIRLIÚCHÁN FAOI ALT 20 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ)**

**ULLMHÚ PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL DO DHÚN DEALGAN**

Tugtar fógra leis seo, de réir Alt 20(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Lú dul i gcomhairle sula n-ullmhaítear Plean Ceantair Áitiúil do Dhún Dealgan.

**Glac páirt sa chomhrá agus 'Bíodh do dheis labhartha agat' chun forbairt Dhún Dealgan amach anseo a mhúnlú**

Chun rannpháirtíocht sa phróiseas seo a spreagadh, d'ullmhaigh **Comhairle Contae Lú Páipéar Saincheisteanna Réamh-Dhréachta**, atá ar fáil lena iniúchadh/íoslódáil sna láithreacha seo a leanas, ó **Déardaoin** 01 **Meitheamh**, 2023 go dtí **Dé hAoine 30 Meitheamh, 2023 (san áireamh):**

**Deasca Seirbhíse do Chustaiméirí ag Oifigí na Comhairle (le linn gnáthuaireanta oscailte):**

- Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Bóthar San Alphonsus, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 KFW6
- Oifigí Cathartha, Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Co. Lú, A92 P440
- Halla an Bhaile, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 W20C
- Mid Louth Civic Services Centre, Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú, A92 RYT2

**Ar líne ag:** consult.louthcoco.ie / www.louthcoco.ie

**Leabharlanna**

- Gach leabharlann i gContae Lú (Dún Dealgan, Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia, Dún Léire agus Cairlinn).
  **Seiceáil i do leabharlann áitiúil d'uaireanta oscailte.**

Éascóidh baill foirne ó Rannóg Pleanála Chun Cinn Chomhairle Contae Lú seisiúin faisnéise poiblí buail isteach, mar seo a leanas:

| Seisiúin Buail Isteach Comhairliúcháin | D | Am |
|---|---|---|
| Leabharlann Dhún Dealgan, Plás Roden, Dún Dealgan, Co. Lú A91 RC44 | Dé Máirt, 6 Meitheamh, 2023 | 4:30pm-7:45pm |
| | Dé Máirt, 8 Meitheamh, 2023 | 4:30pm-7:45pm |
| Ceardlann agus Siúlóid Chomharsanachta – Tá sé mar aidhm ag an gceardlann seo rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn in ullmhú Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta an Phlean. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag **https://consult.louthcoco.ie/** | **Dé Máirt, 13 Meitheamh, 2023** | **4:30pm-7:45pm** |

Tugtar cuireadh do bhaill an phobail aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh maidir leis an bPáipéar Réamhdhréachta seo le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí, ó **Déardaoin 01 Meitheamh, 2023, go dtí 4.30pm Dé hAoine 30 Meitheamh, 2023 (san áireamh).**

Tugtar cuireadh do dhaoine aonair, do ghrúpaí, d'eagraíochtaí nó d'ionadaithe, chomh maith le leanaí, nó grúpaí nó cumainn a dhéanann ionadaíocht ar leasanna leanaí, páirt a ghlacadh i múnlú an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil nua.

Déan d'aighneacht **trí mheán amháin** mar a leanas:
• **Ar líne** trí chlárú ar https://consult.louthcoco.ie/
**nó**
• **I scríbhinn** marcáilte **"Páipéar Saincheisteanna Réamh-Dhréachta Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan"** chuig an Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Lú, Halla an Bhaile, Sráid Crowe, Dún Dealgan, Co. Lú A91 W20C.

Ba cheart d'ainm agus do sheoladh teagmhála a bheith san áireamh sna haighneachtaí go léir (ar bhileog ar leith), agus, nuair is cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa pobail nó cuideachta srl. a ndéanann tú ionadaíocht dóibh.

Tabhair do d'aire go gcuirfear gach aighneacht ar fáil don phobal le breathnú air ar shuíomh Gréasáin comhairliúcháin na Comhairle. Coinneoidh Comhairle Contae Lú gach sonraí pearsanta a thabharfaidh tú faoi rún. Ní choinneoimid do shonraí ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun an Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú agus de réir Bheartas Coinneála Chomhairle Contae Lú agus na reachtaíochta ábhartha um Chosaint Sonraí.

Thomas McEvoy
Stiúrthóir Seirbhísí
COMHAIRLE CHONTAE LÚ